Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Feabhra 2021
(OR. en)

5444/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0003 (NLE)**

**LIMITE**

**WTO 10**
**AGRI 21**
**UD 17**
**UK 19**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na Téalainne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil (CGTT) 1994, i ndáil le modhnú lamháltas ar na taraif chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXVV AE de thoradh tharraingt siar na Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na Téalainne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil (CGTT) 1994, i ndáil le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXVV AE de thoradh tharraingt siar na Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le pointe (a)(v) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

---

[1] Toiliú an ... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Meitheamh 2018 thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht ar chomhaontú le Ríocht na Téalainne i ndáil le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí a áirítear i Sceideal CLXXV AE de thoradh tharraingt siar na Ríocht Aontaithe as an Aontas.

(2) Tá an chaibidlíocht tugtha i gcrích, agus cuireadh inisealacha le Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na Téalainne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil (CGTT) 1994, i ndáil le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXVV AE de thoradh tharraingt siar na Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach ('an Comhaontú') an 7 Eanáir 2021.

(3) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2021/...ón gComhairle[1+], síníodh an Comhaontú an …[++].

(4) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (AE) 2021/... ón gComhairle an ... maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an chomhaontaithe idir an tAontas agus Ríocht na Téalainne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil (CGTT) 1994, i ndáil le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXVV AE de thoradh tharraingt siar na Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO L ..., ...).

[+] [+] IO: Cuir isteach sa téacs le do thoil uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 5433/21 agus comhlánaigh an fonóta a ghabhann leis.

[++] IO: Cuir isteach le do thoil dáta sínithe an Chomhaontaithe i ndoiciméad ST 5445/2021.

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na Téalainne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil (GATT) 1994 i ndáil le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXVV AE de thoradh tharraingt siar na Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach[1+].

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 4 (1) den Chomhaontú[2].

---

1 Tá téacs an Chomhaontaithe foilsithe in IO L….

\+ IO: Cuir isteach san fhonóta le do thoil tagairt IO an Chomhaontaithe i ndoiciméad ST 5445/2012.

2 Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*